**FODHLÍTHE LEABHARLANNA CHOMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ 2025**
**ARNA mBEARTÚ FAOIN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL 2001 AGUS NA RIALACHÁIN A GHABHANN LEIS**

Déantar na Fodhlíthe seo a leanas, mar a leagtar amach iad, faoi Chuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus na Rialacháin a ghabhann leo.

Ceapadh na Fodhlíthe seo chun an úsáid a bhaineann an pobal as Leabharlanna Chomhairle Cathrach Chorcaí (ata faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Chorcaí agus iad á rialú aici) a rialú, a rialáil, a chosaint agus a bhainistiú. Tá na Fodhlíthe seo i bhfeidhm le cinntiú gur féidir leis an bpobal Leabharlanna Chomhairle Cathrach Chorcaí a úsáid ar bhealach sábháilte cuí.

DE BHRÍ GURB Í COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ (dá ngairtear 'an Chomhairle' anseo feasta) an t-údarás áitiúil le haghaidh Cathair Chorcaí, de bhua Chuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, tá sé de chumhacht aici Fodhlíthe a dhéanamh le haghaidh nó maidir le húsáid, feidhmiú, cosaint, rialú nó bainistiú na leabharlann atá faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Chorcaí nó á rialú aici agus atá suite i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Chorcaí.

**RIAR NA bhFODHLÍTHE**


1. **Teideal**
2 **Tosach Feidhme**
3. **Limistéar Feidhme**
4. **Cúlghairmeacha**
5. **Léirmhíniú**
6. **Ballraíocht**
7. **Rialáil**
8. **Srianta**
9. **Cionta**


**1. Teideal**
Gairmfear 'Fodhlíthe Leabharlanna Cathrach Chorcaí 2025' (Fodhlíthe CCL) de na Fodhlíthe seo.

**2. Tosach Feidhme**
Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i bhfeidm an lá de 2025.

**3. Feidhmiú na bhFodhlíthe seo**
Bainfidh na Fodhlíthe seo le gach leabharlann arna feidhmiú don Chomhairle laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Chorcaí.

**4. Cúlghairm**
Cúlghairtear leis seo Fodhlíthe Leabharlanna Cathrach Chorcaí go léir a bhí ann roimhe seo le teacht i bhfeidhm na bhFodhlíthe seo.

**5. Léirmhíniú**
**5.1** ciallaíonn "**Acht 2001**" an tAcht Rialtais Áitiúil, 2001;

**5.2** ciallaíonn '**Oifigeach Údaraithe**' chun críocha na bhFodhlíthe seo an Stiúrthóir Seirbhísí atá freagrach as seirbhísí leabharlainne, músaem agus cartlanna laistigh de Chomhairle Cathrach Chorcaí. D'fhéadfadh go gciallódh Oifigeach Údaraithe ball an Gharda

Síochána freisin;

**5.3** tagraíonn '**Gníomhaire Údaraithe**' d'aon duine nach fostaí de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí é nó í ach atá údaraithe ag an gComhairle chun seirbhís nó dualgas a sholáthar laistigh den Leabharlann;

**5.4** ciallaíonn '**Muirear**' aon mhuirear a ghearrtar de réir na Rialacha agus na Rialachán;

**5.5** ciallaíonn '**Leanbh**' duine ar bith atá faoi bhun 18 mbliana d'aois;

**5.6** ciallaíonn '**Leabharlannaí Cathrach Chorcaí**' an duine atá i seilbh phost Leabharlannaí Cathrach Chorcaí;

**5.7** ciallaíonn '**Leabharlanna Cathrach'** gach Leabharlann de na Leabharlanna seo a leanas nó iad go léir:- Leabharlann Cathrach Chorcaí; Leabharlann Bhaile an Easpaig; Leabharlann na Blarnan; Leabharlann na Linne Duibhe; Leabharlann Bhaile an Chollaigh; Leabharlann Dhúglais; Leabharlann Ghleann Maghair; Leabharlann Chnoc an Chuilinn; Leabharlann Frank O'Connor, An Gort Álainn; Leabharlann na mBuaircíní, Baile Feitheán, seirbhísí leabharlainne taistil, nasc leabharlainne agus aon leabharlann agus/nó seirbhís leabharlainne a d'osclófaí agus/nó a d'fheidhmeofaí faoi choimirce Chomhairle Cathrach Chorcaí;

**5.8** ciallaíonn '**Comhairle**' Comhairle Cathrach Chorcaí;

**5.9** ciallaíonn '**Staid éigeandála**' aon chás lenar gá Leabharlann nó aon chuid de Leabharlann a aslonnú ar chúiseanna slándála nó mar gheall ar bhagairt dóiteáin nó guaise agus/nó mar gheall ar chleachtais eile amhail druileanna dóiteáin agus foláirimh bhréige ina leith;

**5.10** ciallaíonn '**ráthóir**' aon duine a thugann faoi ghníomhú thar ceann nó ar son baill leabharlainne. Áirítear leis seo tuismitheoirí agus caomhnóirí linbh, ach níl sé teoranta dóibhsean;

**5.11** ciallaíonn '**Áiseanna Teicneolaíochta Faisnéise**' na ríomhairí poiblí, na seirbhísí idirlín; seirbhísí Wi-Fi, seirbhísí priontála agus cóipeála; seirbhísí priontála 3D; ríomhleabhair; ríomhirisí agus/nó ríomh-nuachtáin a chuirtear ar fáil d'úsáid pátrún agus ball leabharlainne in áitreabh Leabharlanna Cathrach Chorcaí, áit a mbíonn, agus tráth a bhíonn, siad ar fáil;

**5.12** ciallaíonn '**Leabharlann**' aon áitreabh, áit nó feithicil a áitíonn agus/nó a úsáideann an tÚdarás Leabharlainne chun seirbhís leabharlainne poiblí a sholáthar don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear músaem agus cartlanna atá faoi rialú agus faoi bhainistíocht na Comhairle;

**5.13** ciallaíonn '**Leabharlannaí**' aon duine atá fostaithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí agus/nó ainmnithe aici chun oibriú laistigh de leabharlann laistigh den ról 'leabharlannaí'. Áirítear leis seo iadsan ag a bhfuil post cúntóra shinsearaigh leabharlainne, leabharlannaí agus/nó oifigigh foirne leabharlainne. Chun críocha na bhFodhlíthe seo, tagraíonn sé do leabharlannaithe atá ag gníomhú i gcúrsa a (g)c(h)uid dualgas;

**5.14** ciallaíonn '**Údarás Leabharlainne**' Comhairle Cathrach Chorcaí;

**5.15** ciallaíonn '**Ball leabharlainne**' aon duine a ghlacann ballraíocht i Leabharlanna Cathrach Chorcaí nó ag a bhfuil ballraíocht a nglacann an tÚdarás Leabharlainne léi ina ballraíocht sa leabharlann;

**5.16** ciallaíonn '**Pátrún leabharlainne**' duine d'aois ar bith, cibé is ball leabharlainne é nó í nó nach ea, a théann isteach i Leabharlann Cathrach Chorcaí chun úsáid a bhaint as na seirbhísí leabharlainne nó chun leas a bhaint astu agus/nó bualadh le/labhairt le Leabharlannaí Cathrach Chorcaí agus/nó leabharlannaí agus/nó ball foirne leabharlainne agus/nó oifigigh údaraithe agus/nó gníomhairí údaraithe;

**5.17** ciallaíonn agus follaíonn '**Maoin leabharlainne**' gach maoin, daingneán agus feisteas atá faoi úinéireacht nó á chur ar fáil lena n-úsáid ag an Údarás Leabharlainne cibé acu a chuireann an tÚdarás Leabharlainne ar fáil é nó nach gcuireann d'úsáid an phobail agus maoin a fhaigheann an tÚdarás Leabharlainne le haghaidh iasachta nó úsáide an phobail;

**5.18** ciallaíonn '**Acmhainní leabharlainne**' leabhair; dlúthdhioscaí; DVDanna agus/nó earraí eile a sholáthraíonn Leabharlanna Cathrach Chorcaí d'úsáid an phobail agus/nó ball leabharlainne cé is moite de réadmhaoin na leabharlainne;

**5.19** tagraíonn '**Seirbhísí leabharlainne**' do sheirbhísí a sholáthraíonn Leabharlanna Cathrach Chorcaí lena n-áirítear:- Mo Leabharlann Oscailte; earraí iasachta; áiseanna teicneolaíochta faisnéise; faisnéis staire áitiúla a sholáthar; acmhainní do leanaí agus do dhéagóirí; cláir imeachtaí áitiúla; Nasc Leabharlainne; seirbhísí foghlama agus faisnéise; seirbhísí teanga agus/nó Aip Leabharlanna Cathrach Chorcaí;

**5.20** ciallaíonn '**Ball leabharlainne**' aon duine a ghlacann ballraíocht i Leabharlanna Cathrach Chorcaí nó ag a bhfuil ballraíocht a nglacann an tÚdarás Leabharlainne léi ina ballraíocht sa leabharlann;

**5.21** ciallaíonn '**Foireann na leabharlainne**' aon duine atá fostaithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí nó ar dualgas faoi aon scéim faoi mhaoirseacht nó gan mhaoirseacht chun cabhrú le leabharlann ar bith seachas Leabharlannaí agus leabharlannaithe Cathrach Chorcaí;

**5.22** ciallaíonn '**Músaem**' Músaem Poiblí Chorcaí agus/nó Cartlann Chathair agus Chontae Chorcaí;

**5.23** ciallaíonn '**Foirm Chlárúcháin**' an 'Fhoirm Chlárúcháin' a líonann duine sula gcuirtear tús lena b(h)allraíocht i Leabharlanna Cathrach Chorcaí. Ní mór do bhaill na leabharlainne an fhoirm sin a líonach gach bliain;

**5.24** ciallaíonn '**Duine Fásta Freagrach**' duine atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn, ar tuismitheoir/caomhnóir/duine é nó í atá ag gníomhú in loco parentis nó atá freagrach ar shlí eile as leanbh atá ina bhall de leabharlann de chuid Leabharlanna Cathrach Chorcaí nó as ball fásta leochaileach leabharlainne de Leabharlanna Cathrach Chorcaí;

**5.25** ciallaíonn '**Duine Fásta Leochaileach**' duine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine, nach bhfuil nó a d'fhéadfadh nach mbeadh in ann aire a thabhairt dó/di féin nó é féin/í féin a chosaint ar dhochar, ar dhúshaothrú tromchúiseach nó ar mhí-úsáid;

**5.26** ciallaíonn '**Beartais agus Treoirlínte**' na Beartais agus na Treoirlínte arna fhorordú do

Chomhairle Cathrach Chorcaí chun Leabharlanna Cathrach Chorcaí a oibriú arna leasú ó am go ham de lánrogha Chomhairle Cathrach Chorcaí;

**5.27** ciallaíonn '**Suíomh Gréasáin**' na suíomhanna gréasáin ainmnithe do Leabharlanna Chomhairle Cathrach Chorcaí. Ina measc seo tá www.corkcitylibraries.ie; www.corkpastandpresent.ie agus www.corkworldbookfest.com;

Áirítear gach inscne ar fhocail a chuireann firinscne in iúl sna Fodhlíthe seo. Áirítear focail sna uimhir iolra ar fhocail san uimhir uatha agus focail san uimhir uatha ar fhocail san uimhir iolra atá sna Fodhlíthe seo.

Maidir le nathanna a chuirtear i láthair sna Fodhlíthe anseo, mura léir a mhalairt d'intinn, tá an bhrí leo atá leo in Acht 2001 agus sna Polasaithe agus Treoirlínte a rialaíonn oibriú Leabharlanna Cathrach Chorcaí.

## 6 Ballraíocht:-

**6.1** Cuirfear ainm gach duine a líonann foirm iarratais chun a bheith ina b(h)all leabharlainne isteach i gClár na mBall agus eiseoidh Leabharlannaí cárta ballraíochta chuig gach duine a chláraítear amhlaidh.

**6.2** Ní mór do bhaill agus do ráthóirí leabharlainne Leabharlannaí a chur ar an eolas a luaithe is féidir faoi aon athrú ar sheoladh nó ar shonraí teagmhála.

**6.3** Tabharfaidh aon ráthóir ar mian leis nó léi tarraingt siar ó bheith ina ráthóir fógra ina leith sin i scríbhinn do Leabharlannaí. Tabharfaidh an Leabharlannaí sin scaoileadh a luaithe a bheidh sé/sí sásta nach bhfuil aon fhéichiúnas ag an mball leabharlainne.

**6.4** Tá cártaí ballraíochta neamh-inaistrithe.

**6.5** Tá gach ball leabharlainne, nó i gcás leanaí nó daoine fásta leochaileacha, gach ráthóir nó gach duine fásta freagrach freagrach as cárta ballraíochta Leabharlanna Cathrach Chorcaí a choimeád sábháilte.

**6.6** Tabharfar fógra faoi chailliúint aon chárta ballraíochta leabharlainne do Leabharlannaí a luaithe is féidir.

**6.7** Ní mór cártaí ballraíochta leabharlainne a thabhairt ar aird chun earraí a fháil ar iasacht ó Leabharlanna Cathrach Chorcaí, nó chun úsáid a bhaint as áiseanna teicneolaíochta faisnéise (áiseanna TF *as seo amach*), nó cibé seirbhísí Leabharlainne eile laistigh de Leabharlanna Cathrach Chorcaí a ainmníonn Leabharlannaí Cathrach Chorcaí ó am go chéile.

**6.8** Déanfar gach leabhar agus/nó earra eile a bheidh ar iasacht ó Leabharlanna Cathrach Chorcaí a choimeád, a chothabháil agus a thabhairt ar ais sa riocht ina bhfuarthas/inar tugadh ar iasacht den chéad uair iad.

**6.9** I gcás go gcailltear nó go ndéantar damáiste d'earra ar bith, beidh ar an mball leabharlainne nó ar an duine freagrach nó ar an ráthóir, de réir mar is cuí, bunchostas an earra a íoc.

**6.10** Éileofar ar Ráthóirí agus Daoine Fásta Freagracha eolas teagmhála a sholáthar a úsáidfidh Leabharlannaí Cathrach Chorcaí, Leabharlannaithe, foireann na

leabharlainne, Oifigeach údaraithe agus/nó gníomhaire údaraithe i gcás éigeandála. I gcás éigeandála, féadfar an fhaisnéis seo a chur ar fáil don Gharda Síochána nó do sheirbhísí éigeandála eile a mbeadh a leithéid de dhíth orthu.

## 7 Rialacháin:-

**7.1** Osclófar Leabharlanna Cathrach Chorcaí don phobal le linn cibé tráthanna a chinnfidh an Chomhairle.

**7.2** Beidh Leabharlannaí Cathrach Chorcaí freagrach as an Leabharlann agus freagrach as gach maoin de chuid na Leabharlainne a choinneáil slán.

**7.3** Ní mór fógra a thabhairt do leabharlannaí maidir le caillteanas aon earra a fuarthas ar iasacht a luaithe is féidir.

**7.4** Déanfaidh pátrúin na leabharlainne de réir threoracha, fhoghlaim agus iarratais Leabharlannaí Cathrach Chorcaí, aon leabharlannaí, aon bhaill foirne leabharlainne, aon oifigigh údaraithe agus/nó aon ghníomhaire údaraithe i ndáil le seirbhísí, acmhainní agus áitreabh uile leabharlainne a úsáid.

**7.5** Déanfaidh Leabharlannaí Cathrach Chorcaí agus/nó leabharlannaí ar bith agus/nó féadfaidh aon bhall foirne leabharlainne limistéir a ainmniú laistigh den leabharlann a bhfuil rochtain theoranta don phobal agus/nó do bhaill na leabharlainne orthu.

**7.6** Coimeádann an Chomhairle an ceart úsáid a bhaint as ceamaraí teilifíse ciorcaid iata (CCTV *as seo amach*) agus taifeadtaí a dhéanamh ar na ceamaraí sin agus iad a choinneáil chun críocha slándála.

**7.7** Déanfaidh pátrúin leabharlainne de réir na mBeartas agus na dTreoirlínte a rialaíonn oibriú Leabharlanna Cathrach Chorcaí. Tá na Beartais agus na Treoirlínte seo le fáil ar www.corkcitylibraries.ie.

**7.8** Ceadófar d'aon duine ag a bhfuil lagú amhairc nó a dteastaíonn cúnamh uaidh nó uaithi chun na seirbhísí leabharlainne a úsáid madra treorach nó madra oibre nó cúnaimh de réir mar is cuí a thabhairt isteach i Leabharlanna Cathrach Chorcaí, más gá.

**7.9** Déanfaidh pátrúin leabharlainne de réir rialacháin uile Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó comhlachta oifigiúil inniúil eile maidir le sláinte an phobail.

**7.10** Cloífidh pátrúin na leabharlainne le leibhéal réasúnta sláinteachais phearsanta agus gléasta ionas nach gcuirfidh siad pátrúin eile na leabharlainne agus/nó Leabharlannaí Cathrach Chorcaí agus/nó leabharlannaithe agus/nó foireann leabharlainne faoi mhíchompord thar an méid a mheastar a bheith réasúnach agus inghlactha.

**7.11** Déanfaidh pátrúin na leabharlainne de réir *Threoirlínte Leabharlanna Cathrach Chorcaí um Ghléasanna Digiteacha a úsáid in Áitreabh Leabharlainne* agus ní úsáidfidh pátrúin leabharlainne gléasanna den sórt sin ar bhealach a chuireann isteach ar phátrúin eile leabharlainne agus/nó ar Leabharlannaí Cathrach Chorcaí

agus/nó ar leabharlannaithe agus/nó ar fhoireann na leabharlainne.

**7.12** Déanfaidh leabharlannaithe i ngach leabharlann cinntí maidir le póstaeir, bileoga eolais, fógraí, daingneáin agus feisteas a chur ar taispeáint de réir bheartais na Comhairle.

**8. Srianta:-**

Ní dhéanfaidh pátrúin leabharlainne na nithe seo a leanas:-

**8.1** Ainm nó seoladh bréige a thabhairt do Leabharlannaí Cathrach Chorcaí, do leabharlannaithe, d'fhoireann na leabharlainne, d'oifigigh údaraithe agus/nó do ghníomhairí údaraithe chun críoch dul isteach in aon chuid d'áitreabh leabharlainne nó chun críoch aon seirbhísí a sholáthraítear ann a úsáid.

**8.2** Bac a chur le pátrúin eile labharlainne, cur isteach orthu nó cur as dóibh agus seirbhísí nó áitreabh na leabharlainne á n-úsáid agus á n-oibriú mar is cuí acu.

**8.3** Bac a chur le Leabharlannaí Cathrach Chorcaí agus/nó le labharlainnithe agus/nó le foireann leabharlainne agus/nó le hoifigigh údaraithe agus/nó le gníomhairí údaraithe agus iad i mbun a gcuid dualgas.

**8.4** Torann a dhéanamh agus/nó leanúint de bheith ag déanamh torainn ag leibhéal ar núis do phátrúin eile leabharlainne é agus/nó do Leabharlannaí Cathrach Chorcaí agus/nó do leabharlannaithe agus/nó do bhaill foirne leabharlainne agus/nó d'oifigigh údaraithe agus/nó do ghníomhairí údaraithe.

**8.5** Urlabhra mhaslach, ghraosta nó gháirsiúil a úsáid nó iompar mígheanasach, míchuí nó maslach a dhéanamh nó cur isteach ar bhealach eile ar phátrúin eile na leabharlainne agus/nó ar Leabharlannaí Cathrach Chorcaí agus/nó ar leabharlannaithe agus/nó ar fhoireann na leabharlainne agus/nó ar oifigigh údaraithe agus/nó ar ghníomhairí údaraithe.

**8.6** Rud ar bith a dhéanamh a dhéanfadh dochar d'aon duine eile atá i láthair in aon áitreabh leabharlainne nó a bheith ina chúis le dochar den chineál sin.

**8.7** Tabhairt faoi iompar nó úsáid teanga a mheasann pátrúin eile leabharlainne agus/nó Leabharlannaí Cathrach Chorcaí agus/nó leabharlannaithe agus/nó baill foirne leabharlainne agus/nó oifigigh údaraithe agus/nó gníomhairí údaraithe a bheith bagrach nó maslach agus a d'fhéadfadh fuath a spreagadh ina leith daoine eile mar gheall ar a n-eitneachas, a náisiúntacht, a reiligiún, a gclaonadh gnéasach nó a bhféiniúlacht inscne.

**8.8** Cur isteach ar phátrúin eile na leabharlainne agus/nó ar Leabharlannaí Cathrach Chorcaí agus/nó ar leabharlannaithe agus/nó ar fhoireann na leabharlainne agus/nó ar oifigigh údaraithe agus/nó ar ghníomhairí údaraithe, bac a chur leo, cur as dóibh, íde a thabhairt dóibh, bagairt a dhéanamh orthu, imeagla a chur orthu, troid leo nó cur isteach orthu ar bhealach eile.

**8.9** Scrios nó damáiste a dhéanamh d'aon ghnó agus gan leithscéal dleathach d'aon mhaoin, daingneáin agus fheistis leabharlainne.

**8.10** Fanacht sa leabharlann gan úsáid chuí a bhaint as seirbhísí na leabharlainne,

tar éis do Leabharlannaí Cathrach Chorcaí agus/nó leabharlannaithe agus/nó do bhaill foirne leabharlainne, d'oifigigh údaraithe agus/nó do ghníomhaire údaraithe a iarraidh ar an duine sin úsáid chuí a bhaint as na seirbhísí.

**8.11** Aon stoc leabharlainne a bhaint as leabharlann nó as limistéar sainithe sa leabharlann mura ndéanann leabharlannaí agus/nó ball foirne leabharlainne an t-earra sin a sheiceáil amach agus/nó an t-earra a sheiceáil amach ach úsáid a bhaint as córas féinseirbhíse.

**8.12** Dul isteach i leabharlann nó amach aisti seachas trí na bealaí ainmnithe isteach agus amach arna soláthar chun na críche sin.

**8.13** Fanacht i leabharlann tar éis am socraithe a dúnta, tar éis rabhadh réasúnta a fháil ó Leabharlannaí Cathrach Chorcaí agus/nó ó leabharlannaithe agus/nó ó bhall foirne leabharlainne agus/nó ó oifigigh údaraithe agus/nó ó ghníomhairí údaraithe.

**8.14** Fanacht i leabharlann le linn 'Mo Leabharlann Oscailte', tar éis am dúnta sceidealta áitribh na leabharlainne sin, tar éis rabhadh réasúnta a fháil ó Leabharlannaí Cathrach Chorcaí agus/nó ó leabharlannaithe agus/nó ó bhall foirne leabharlainne agus/nó ó oifigigh údaraithe agus/nó ó ghníomhairí údaraithe.

**8.15** Ceamara nó gléas taifeadta ar bith a úsáid, a oibriú nó a fheidhmiú i leabharlann, in éagmais údarú scríofa a fháil roimh ré ó Leabharlannaí Cathrach Chorcaí agus/nó ó leabharlannaithe agus/nó ó bhall foirne leabharlainne agus/nó ó oifigigh údaraithe agus/nó ó ghníomhairí údaraithe.

**8.16** Aon eolas a chur ar fáil i bhfoirm ar bith maidir le nó i ndáil le Leabharlannaí Cathrach Chorcaí agus/nó le leabharlannaithe agus/nó le ball foirne leabharlainne agus/nó le hoifigigh údaraithe agus/nó le gníomhaire údaraithe i gcúrsa a bhfostaíochta agus/nó a n-oibre leis an Údarás Leabharlainne, d'aon tríú páirtí in aon fhoirm gan toiliú an duine sin.

**8.17** Iarracht a dhéanamh aon ghrianghraf nó íomhá de leanaí ar bith a thógáil i leabharlann gan cead i scríbhinn a fháil roimh ré ó thuismitheoirí nó ó chaomhnóirí gach linbh.

**8.18** Aon leanbh a fhágáil gan maoirsiú i leabharlann, a ligean d'aon leanbh a bheith ina núis do dhaoine eile nó leanbh ar bith a chur i mbaol díobhála nó gortaithe.

**8.19** Rochtain, nó iarracht a dhéanamh ar rochtain a fháil, ar shuíomhanna gréasáin nó ar íomhánna míchuí ar a gcuid gléasanna pearsanta nó ar áiseanna TF a chuireann Leabharlanna Cathrach Chorcaí ar fáil. I gcás go sáraíonn duine an Fodhlí seo, déanfar an duine sin a thuairisc do na húdaráis chuí.

**8.20** Tabhairt faoi iompar coirp nó teanga atá maslach nó a mheabhródh iompar gnéasach in aon chuid d'áitreabh leabharlainne.

**8.21** Canbhasáil nó sínithe le haghaidh achainíocha a lorg in aon chuid d'áitreabh leabharlainne.

**8.22** Córas iompair rothaí a thabhairt isteach in aon chuid d'áitreabh leabharlainne, seachas cathaoir rothaí, siúlóir, pram, naíchóiste, nó tralaí siopadóireachta pearsanta.

**8.23** Gan toiliú Leabharlannaí Cathrach Chorcaí agus/nó leabharlannaí agus/nó baill foirne leabharlainne agus/nó oifigigh údaraithe agus/nó gníomhaire údaraithe a chur faoi deara aon ainmhí seachas an ceann a shonraítear i gclásal 7.8 thuas dul isteach in áitreabh leabharlainne nó fanacht ann nó ceadú dá leithéid.

**8.24** Bia nó deoch a thabhairt isteach sa leabharlann, ach amháin buidéil uisce a bhfuil claibíní indúnta orthu, nó itheadh nó ól i leabharlann ach amháin ag imeachtaí fáilte nó eile a eagraíonn nó Comhairle Cathrach Chorcaí agus/nó Leabharlanna Cathrach Chorcaí nó a eagraítear ina gcomhar.

**8.25** Tobac a chaitheamh, vápáil nó deochanna meisciúla a ól nó substaintí toirmiscthe eile a ghlacadh i leabharlann nó i gcúirtealáiste an chéanna sa chás gur maoin de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí í an chúirtealáiste sin agus/nó go bhfuil sí faoi rialú Chomhairle Cathrach Chorcaí. Ní cheadófar do dhuine, atá, i dtuairim Leabharlannaí Cathrach Chorcaí agus/nó leabharlannaithe agus/nó baill foirne leabharlainne agus/nó oifigigh údaraithe agus/nó gníomhaire údaraithe, faoi thionchar ábhair mheisciúil dul isteach i leabharlann ná fanacht inti.

**8.26** Díolachán a dhéanamh i leabharlann nó seirbhís a sholáthar ar luaíocht nó eile gan cead a fháil roimh ré ó Leabharlannaí Cathrach Chorcaí.

**8.27** An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000, arna leasú, a shárú.

## 9 Bac a Chur ar Oifigeach Údaraithe

**9.1.1** I gcás duine ar dealraitheach go bhfuil foráil de chuid na bhFodhlíthe á sárú nó sáraithe aige nó aici, is dleathach d'aon Oifigeach Údaraithe a iarraidh air nó uirthi áitreabh na leabharlainne a fhágáil nó staonadh ó ghníomhaíocht ar bith a dhéanamh agus aon duine nach ngéilleann d'iarratas den chineál sin de bhun alt 204(2) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, féadfaidh Oifigeach Údaraithe é nó í a chur amach.

**9.1.2** Aon chustaiméir a bhacann, a choisceann nó a dhiúltaíonn géilleadh d'iarratas nó do threoir ó Oifigeach Údaraithe atá ag feidhmiú a fheidhmeanna nó a feidhmeanna de réir na bhFodhlíthe seo, beidh an custaiméir sin ciontach i gcion de bhun alt 204(3)(a) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

**9.1.3** Má tá Oifigeach Údaraithe den tuairim go bhfuil cion lena mbaineann na Fodhlíthe seo á dhéanamh nó déanta ag custaiméir leabharlainne, is dleathach don Oifigeach Údaraithe sin ainm agus seoladh baile an chustaiméara sin a éileamh agus má dhiúltaíonn an custaiméir leabharlainne sin don iarratas seo nó má thugann sé nó sí ainm agus seoladh baile bréagach nó míthreorach, beidh an custaiméir leabharlainne sin ciontach i gcion de bhun alt 204(3)(b) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

**9.1.4** Aon duine a chiontaítear i gcion faoin bhfo-alt seo, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €2,500 a chur air nó uirthi de bhun alt

204(3)(c) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

**9.1.5** Má tá comhalta den Gharda Síochána den tuairim go bhfuil cion á dhéanamh nó déanta ag duine, cion arb é atá ann bac a chur ar Oifigeach Údaraithe nó foráil de chuid na bhFodhlíthe seo a shárú, féadfaidh an comhalta sin an duine sin a ghabháil gan bharántas de bhun alt 204(3)(d) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

**10.0 Cionta**

**10.1** De bhun an Achta Rialtais Áitiúil, 2001, féadfaidh an Chomhairle nó comhalta den Gharda Síochána cion faoi na Fodhlíthe seo a ionchúiseamh.

**10.2** De bhun alt 205(1) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, tá duine a sháraíonn foráil de chuid na bhFodhlíthe seo ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €2500 a chur air nó uirthi i leith gach ciona.

**10.3** Má leanann duine d'fhoráil de chuid na bhFodhlíthe seo a shárú tar éis a chiontaithe nó a ciontaithe ina leith, beidh an duine a dhéanann an sárú ciontach i gcion gach lá a leantar den sárú sin agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €500.00 a chur air nó uirthi.

Arna dhéanamh agus arna ghlacadh faoi Chomhshéala Chomhairle Cathrach Chorcaí an lá seo de 2025.

I LÁTHAIR nuair a greamaíodh Comhshéala CHOMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ de seo; AN tARDMHÉARA
i láthair freisin:

**AN tARDMHÉARA**
**AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH**
**CEANNASAÍ GNÓTHAÍ DLÍ**